# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2112 ÓN gCOIMISIÚN

**an 13 Iúil 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ceanglais agus socruithe i dtaca leis an iarratas ar údarú mar sholáthraí seirbhísí sluachistiúcháin**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(16), an ceathrú fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun sásra aonfhoirmeach a áirithiú trína bhfeidhmeoidh údaráis inniúla a gcumhachtaí go héifeachtach i leith iarratais ar údarú ó sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin ionchasacha, is iomchuí foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha, coiteanna a leagan amach le haghaidh na n-iarratas sin.

(2) Chun cumarsáid idir soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach agus an t-údarás inniúil a éascú, ba cheart don údarás inniúil pointe teagmhála a ainmniú go sonrach chun críche an phróisis iarratais agus ba cheart dó na sonraí teagmhála ábhartha a chur ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin.

(3) Ionas go mbeidh an t-údarás inniúil in ann measúnú críochnúil a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine, i gcás ina gceanglaíonn an t-údarás inniúil ar an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach faisnéis atá in easnamh a sholáthar, ba cheart an teorainn ama chun measúnú a dhéanamh ar iomláine an iarratais dá dtagraítear in Airteagal 12(4) de Rialachán (AE) 2020/1503 a chur ar fionraí ón dáta a iarrfar an fhaisnéis sin go dtí an dáta a gheobhaidh an t-údarás inniúil í.

(4) Chun gur féidir leis an údarás inniúil a mheas an bhféadfadh athruithe ar an bhfaisnéis arna soláthar san iarratas ar údarú difear a dhéanamh don nós imeachta údarúcháin, is iomchuí a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin ionchasacha na hathruithe sin a chur in iúl gan moill mhíchuí. Thairis sin, is gá a shuí go mbeidh feidhm ag na teorainneacha ama chun measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a leagtar síos in Airteagal 12(8) de Rialachán (AE) 2020/1503 ón dáta a sholáthróidh an t-iarratasóir an fhaisnéis leasaithe don údarás inniúil.

(5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí faoi bhráid an Choimisiúin.

(6) Rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

([1]) IO L 347, 20.10.2020, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus thug sé tuairim uaidh an 1 Meitheamh 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Pointe teagmhála a ainmniú**

Ainmneoidh na húdaráis inniúla pointe teagmhála chun na hiarratais ar údarú mar sholáthraí seirbhísí sluachistiúcháin a fháil de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2020/1503. Coimeádfaidh na húdaráis inniúla sonraí teagmhála an phointe teagmhála ainmnithe cothrom le dáta agus cuirfidh siad na sonraí teagmhála sin ar fáil go poiblí ar a suíomhanna gréasáin.

*Airteagal 2*

**Foirm chaighdeánach**

Cuirfidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin ionchasacha a n-iarratas ar údarú isteach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

**Admháil fála**

Laistigh de 10 lá oibre ón iarratas a fháil agus d'ainneoin na teorann ama a leagtar amach in Airteagal 12(4) de Rialachán (AE) 2020/1503 chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine i gcomhréir leis an Airteagal sin, seolfaidh an t-údarás inniúil admháil fála go leictreonach, ar pháipéar, nó sa dá fhoirm, chuig an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach. Áireofar san admháil fála sin sonraí teagmhála na ndaoine a dhéanfaidh an t-iarratas ar údarú a láimhseáil.

*Airteagal 4*

**Teorainn ama a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil faisnéis in easnamh**

I gcás ina gceanglóidh an t-údarás inniúil ar an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach faisnéis atá in easnamh a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 12(4) de Rialachán (AE) 2020/1503, déanfar an teorainn ama chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine i gcomhréir leis an Airteagal sin a chur ar fionraí ón dáta a iarrfar an fhaisnéis sin go dtí an dáta a gheofar í.

*Airteagal 5*

**Fógra a thabhairt faoi athruithe**

1. Tabharfaidh an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach fógra gan moill mhíchuí don údarás inniúil maidir le haon athrú ar an bhfaisnéis arna soláthar san iarratas ar údarú. Soláthróidh an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach an fhaisnéis atá tugtha cothrom le dáta trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn.

2. I gcás ina soláthraíonn an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach faisnéis atá tugtha cothrom le dáta, tosóidh an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 12(8) de Rialachán (AE) 2020/1503 ón dáta a gheobhaidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis sin atá tugtha cothrom le dáta.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 6*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**IARRATAS AR ÚDARÚ MAR SHOLÁTHRAÍ SEIRBHÍSÍ SLUACHISTIÚCHÁIN**

*Faisnéis atá le soláthar don údarás inniúil*

| **Iarratas ar údarú mar sholáthraí seirbhísí sluachistiúcháin** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Faisnéis atá le soláthar don údarás inniúil | | | | | |
| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
| 1 | Iarratasóir | 1 | Ainm dlíthiúil iomlán | Ainm dlíthiúil iomlán an iarratasóra |
| | | 2 | Trádainm/trádainmneacha | Trádainm/trádainmneacha atá le húsáid chun na seirbhísí sluachistiúcháin a sholáthar |
| | | 3 | Seoladh idirlín | Seoladh idirlín an tsuímh gréasáin a oibríonn an t-iarratasóir |
| | | 4 | Seoladh fisiciúil | Seoladh cláraithe an iarratasóra |
| | | 5 | Uimhir aitheantais/Cláruimhir náisiúnta<br>(i gcás ina bhfuil fáil uirthi) | Aitheantóir náisiúnta an iarratasóra nó fianaise ar chlárú le clár náisiúnta na gcuideachtaí |
| | | 6 | LEI<br>(i gcás ina bhfuil fáil air) | Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an iarratasóra |
| 2 | Ainm agus sonraí teagmhála an duine atá i bhfeighil an iarratais | 1 | Ainm iomlán | Céadainm iomlán/céadainmneacha iomlána agus sloinne iomlán/sloinnte iomlána an teagmhálaí |
| | | 2 | Feidhm | Feidhm agus/nó teideal an teagmhálaí laistigh den iarratasóir nó stádas mar dhuine seachtrach (*e.g.*, sainchomhairleoir, gnólacht dlí) agus cruthúnas go bhfuil sé de chumhacht ag an duine an t-iarratas a chomhdú |
| | | 3 | Seoladh poist (murab ionann é agus seoladh fisiciúil an iarratasóra) | |
| | | 4 | Uimhir theileafóin | |
| | | 5 | Seoladh ríomhphoist | |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | Foirm dhlíthiúil | neamhbhainteach | Foirm dhlíthiúil an chorpraithe faoin reachtaíocht náisiúnta | |
| 4 | Airteagail chomhlachais | neamhbhainteach | Airteagail chomhlachais agus, i gcás ina bhfuil fáil air, an gníomhas corpraithe | |
| 5 | Clár oibríochtaí ina leagtar amach na cineálacha seirbhísí sluachistiúcháin a bhfuil sé beartaithe ag an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach iad a sholáthar agus an t-ardán sluachistiúcháin a bhfuil sé beartaithe aige é a oibriú, lena n-áirítear an áit agus an chaoi a ndéanfar tairiscintí sluachistiúcháin a mhargú | 1 | Faisnéis maidir leis na cineálacha seirbhísí sluachistiúcháin | Cuirfidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas in iúl:<br>(a) Na seirbhísí sluachistiúcháin atá sé beartaithe ag an iarratasóir a sholáthar (cuir X sa bhosca, de réir mar is iomchuí):<br>☐ Deonú iasachtaí a éascú, lena n-áirítear faisnéis ábhartha a sholáthar amhail rátaí mainneachtana iasachtaí<br>☐ Urrúis inaistrithe agus ionstraimí a ligtear isteach chun críoch sluachistiúcháin a láithriú gan gealltanas daingean a bheith mar bhonn leis agus orduithe a ghlacadh agus a tharchur i ndáil leis na hurrúis inaistrithe sin agus ionstraimí a ligtear isteach;<br>(b) (I gcás ina ndéanann an t-iarratasóir deonú iasachtaí a éascú nó i gcás ina bhfuil sé beartaithe aige é sin a dhéanamh) Cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir bainistiú punainne aonair iasachtaí a sholáthar lena n-áirítear tuairisc ar na socruithe inmheánacha chun an ghníomhaíocht sin a sholáthar agus tuairisc ar na socruithe conarthacha a bhunóidh an t-iarratasóir le húinéirí tionscadail agus le hinfheisteoirí (ag tagairt go háirithe do na sainorduithe a thabharfaidh infheisteoirí don iarratasóir);<br>(c) Seirbhísí nó gníomhaíochtaí eile atá sé beartaithe ag an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach a sholáthar (cuir X sa bhosca, de réir mar is iomchuí):<br>☐ Slánchoinneáil sócmhainní<br>☐ Seirbhísí íocaíochta<br>☐ Feithiclí sainchuspóireacha a úsáid chun seirbhísí sluachistiúcháin a sholáthar<br>☐ Scóir chreidmheasa a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail sluachistiúcháin<br>☐ Moladh a dhéanamh maidir le praghas agus/nó ráta úis tairiscintí sluachistiúcháin<br>☐ Bord fógraí a oibriú<br>☐ Cistí teagmhasacha a bhunú agus a oibriú; |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | | | (d) Na cineálacha tairiscintí atá sé beartaithe ag an iarratasóir a chur i láthair (amhail tionscadail iasachtbhunaithe, tionscadail chothromasbhunaithe, an cineál earnála nó an cineál gníomhaíochta gnó, na cineálacha infheistíochtaí atá le tairiscint ar an ardán sluachistiúcháin, agus na cineálacha infheisteoirí a bhfuiltear ag díriú orthu);<br>(e) An nós imeachta roghnúcháin ina leagtar amach mionsonraí na modhanna a glacadh chun na tairiscintí atá le cur i láthair ar an ardán sluachistiúcháin a roghnú, lena n-áirítear cineál agus méid an díchill chuí a rinneadh i leith úinéirí tionscadail;<br>(f) Na socruithe chun na tairiscintí ar an ardán sluachistiúcháin a phoibliú agus an chaoi a gcuirfear leasanna infheisteoirí le haghaidh tionscadal sluachistiúcháin in iúl don úinéir ábhartha tionscadail;<br>(g) Aon seirbhís/aon ghníomhaíocht eile atá á soláthar faoi láthair (nó atá beartaithe a sholáthar) ag an iarratasóir, ar seirbhísí/gníomhaíochtaí iad nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2020/1503 agus a fhéadfar a sholáthar i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear tagairtí do na húdaruithe ábhartha agus cóip díobh (i gcás inarb infheidhme) |
| | | 2 | Faisnéis faoin ardán sluachistiúcháin | Tuairisc ar na nithe seo a leanas:<br>(a) na socruithe chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2020/1503 a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin ardán sluachistiúcháin an iarratasóra, lena n-áirítear socruithe TF ábhartha;<br>(b) na socruithe chun córas faisnéise idirlíon-bhunaithe a dhéanamh den ardán sluachistiúcháin, ar córas é a bheidh inrochtana go poiblí agus nach mbeidh rochtain idirdhealaitheach ag baint leis;<br>(c) na nósanna imeachta agus na socruithe chun na seirbhísí sluachistiúcháin a sholáthar go pras, go cothrom agus go gasta, lena n-áirítear tuairisc ar na nithe seo a leanas:<br>(i) na nósanna imeachta chun orduithe cliaint a ghlacadh agus a tharchur;<br>(ii) na córais chun na horduithe sin a phróiseáil;<br>(iii) an chaoi ar féidir, leis na nósanna imeachta agus na socruithe sin, na horduithe cliaint a ghlacadh agus a tharchur agus a fhorghníomhú ar bhonn comhionann; |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | | | (d) sásraí atá sé beartaithe ag an iarratasóir a chur chun feidhme chun na sreafaí faisnéise a éascú idir an t-úinéir tionscadail agus na hinfheisteoirí, nó idir na hinfheisteoirí, más infheidhme |
| | | 3 | Straitéis mhargaíochta | Tuairisc ar an straitéis mhargaíochta atá sé beartaithe ag an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach a úsáid san Aontas, lena n-áirítear teangacha na cumarsáide margaíochta; na Ballstáit is mó ina mbeidh na fógráin le feiceáil sna meáin agus na modhanna cumarsáide a bhfuil coinne lena n-úsáid a shainaithint |
| 6 | Tuairisc ar na socruithe rialachais agus an sásra rialaithe inmheánaigh chun comhlíontacht le Rialachán (AE) 2020/1503 a áirithiú, lena n-áirítear nósanna imeachta bainistithe riosca agus nósanna imeachta cuntasaíochta | 1 | Socruithe rialachais | Tuairisc ar na nithe seo a leanas:<br>(a) struchtúr inmheánach an iarratasóra (cairt eagrúcháin, etc.) ina léirítear dáileadh na gcúraimí agus na gcumhachtaí agus na línte tuairiscithe ábhartha, na socruithe rialaithe a cuireadh chun feidhme agus aon fhaisnéis úsáideach eile chun gnéithe oibríochtúla, beartais agus nósanna imeachta an iarratasóra a léiriú chun bainistíocht éifeachtach stuama a áirithiú;<br>(b) an plean earcaíochta foirne, más ann dó, i gcomhair na 3 bliana atá le teacht agus staid choibhneasta an chur chun feidhme, nó tásc maidir leis an bhfoireann atá i bhfostaíocht ghníomhach atá le bheith freagrach as na seirbhísí a chur i gcrích |
| | | 2 | Sásraí rialaithe inmheánaigh | Tuairisc ar an sásra rialaithe inmheánaigh (amhail feidhm chomhlíonta agus feidhm bainistithe riosca, i gcás ina bhfuil siad bunaithe) a chuir an t-iarratasóir ar bun, chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht a nósanna imeachta le Rialachán (AE) 2020/1503, agus chun a áirithiú go bhfuil na nósanna imeachta sin i gcomhréir leis an Rialachán sin, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an tuairisciú don chomhlacht bainistíochta |
| | | 3 | Bainistíocht riosca | Mapáil ar na rioscaí a shainaithin an t-iarratasóir agus tuairisc ar bheartais agus ar nósanna imeachta bainistithe riosca chun sainaithint, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí, próisis agus córais an iarratasóra, lena n-áirítear:<br>(a) tuairisc ar na próisis inmheánacha agus ar na modheolaíochtaí inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2020/1503 (i gcás inarb infheidhme) |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | | | (b) tuairisc ar bheartas an chiste theagmhasaigh dá dtagraítear in Airteagal 6(5), pointe (b), de Rialachán (AE) 2020/1503 (i gcás inarb infheidhme) |
| | | 4 | Nósanna imeachta cuntasaíochta | Tuairisc ar na nósanna imeachta cuntasaíochta trína ndéanfaidh an t-iarratasóir a fhaisnéis airgeadais a thaifeadadh agus a thuairisciú |
| 7 | Tuairisc ar chórais, acmhainní agus nósanna imeachta chun an córas próiseála sonraí a rialú agus a chosaint | neamhbhainteach | Rialú agus cosaint an chórais próiseála sonraí | Tuairisc ar na nithe seo a leanas:<br>(a) na socruithe inmheánacha a glacadh chun láimhseáil chuí na sonraí pearsanta agus na faisnéise a fhaightear ó infheisteoirí a áirithiú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as néalta<br>(b) an beartas maidir le calaois a chosc agus príobháideachas/cosaint sonraí<br>(c) na suíomhanna, na modhanna agus na beartais chun doiciméadacht a chur sa chartlann, lena n-áirítear néalta a úsáid |
| 8 | Tuairisc ar rioscaí oibriúcháin | 1 | Rioscaí a bhaineann leis an mbonneagar TF agus leis na nósanna imeachta TF | Tuairisc ar na foinsí sainaitheanta rioscaí oibriúcháin agus tuairisc ar nósanna imeachta, ar chórais agus ar rialuithe arna nglacadh ag an iarratasóir chun na rioscaí oibriúcháin sin a bhainistiú (iontaofacht córais, slándáil, sláine, príobháideachas, etc.), lena n-áirítear:<br>(a) nósanna imeachta chun idirbhristeacha oibríochtúla a sheachaint;<br>(b) gairis chúltaca atá i bhfeidhm;<br>(c) bearta maidir le coimircí in aghaidh ionsaithe haiceálaithe |
| | | 2 | Riosca a bhaineann leis an tairiscint a chinneadh | Tuairisc ar na huirlisí teicniúla agus ar na hacmhainní daonna atá tiomnaithe don tairiscint a chinneadh, go háirithe an phraghsáil a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4(4), pointe (d), de Rialachán (AE) 2020/1503 |
| | | 3 | Rioscaí a bhaineann leis na seirbhísí slánchoinneála sócmhainní agus leis na seirbhísí íocaíochta (i gcás inarb infheidhme) | I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir seirbhísí slánchoinneála sócmhainní agus seirbhísí íocaíochta a sholáthar, tuairisc ar fhoinsí sainaitheanta rioscaí oibriúcháin agus tuairisc ar nósanna imeachta, córais agus rialuithe arna nglacadh ag an iarratasóir chun na rioscaí sin a bhaineann leis na seirbhísí sin a bhainistiú, lena n-áirítear i gcás ina soláthraíonn tríú páirtí na seirbhísí sin |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | 4 | Rioscaí a bhaineann le seachfhoinsiú feidhmeanna oibríochtúla | I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir dul i muinín tríú páirtí chun feidhmeanna oibríochtúla a chomhlíonadh, tuairisc ar na foinsí sainaitheanta rioscaí oibriúcháin agus tuairisc ar nósanna imeachta, córais agus rialuithe arna nglacadh ag an iarratasóir chun na rioscaí oibriúcháin sin a bhainistiú |
| | | 5 | Aon riosca oibriúcháin eile (i gcás inarb infheidhme) | Tuairisc ar aon fhoinse shainaitheanta eile de rioscaí oibriúcháin agus tuairisc ar na nósanna imeachta, na córais agus na rialuithe arna nglacadh ag an iarratasóir chun na rioscaí oibriúcháin sin a bhainistiú |
| 9 | Tuairisc ar choimircí stuamachta an iarratasóra i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2020/1503 | 1 | Coimircí stuamachta | Méid na gcoimircí stuamachta atá i bhfeidhm ag an iarratasóir tráth an iarratais ar údarú agus an tuairisc ar na toimhdí a úsáideadh chun é a chinneadh |
| | | 2 | Cistí dílse<br>(i gcás inarb infheidhme) | Méid na gcoimircí stuamachta a chumhdaítear le cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 11(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2020/1503 |
| | | 3 | Polasaí árachais<br>(i gcás inarb infheidhme) | Méid choimircí stuamachta an iarratasóra a chumhdaítear le polasaí árachais dá dtagraítear in Airteagal 11(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2020/1503 |
| | | 4 | Ríomhanna agus pleananna réamhaisnéise | (a) Ríomh réamhaisnéise choimircí stuamachta an iarratasóra i gcomhair na chéad 3 bliana gnó<br>(b) Pleananna cuntasaíochta réamhaisnéise i gcomhair na chéad 3 bliana gnó, lena n-áirítear:<br>(i) cláir chomhardaithe réamhaisnéise;<br>(ii) na cuntais bhrabúis agus chaillteanais réamhaisnéise nó na ráitis ioncaim réamhaisnéise;<br>(c) Toimhdí pleanála le haghaidh na réamhaisnéise thuas chomh maith le mínithe ar na figiúirí |
| | | 5 | Pleanáil maidir le coimircí stuamachta | Tuairisc ar nósanna imeachta pleanála agus faireacháin an iarratasóra maidir le coimircí stuamachta |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| 10 | Cruthúnas go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coimircí stuamachta i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2020/1503 | 1 | Cistí dílse | (a) Doiciméadacht ar an gcaoi ar ríomh an t-iarratasóir an méid i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2020/1503;<br>(b) I gcás gnóthais atá ann cheana féin, ráiteas cuntais iniúchta nó clár poiblí lena ndeimhnítear méid chistí dílse an iarratasóra;<br>(c) I gcás gnóthais atá á gcorprú faoi láthair, ráiteas bainc arna eisiúint ag banc lena ndeimhnítear go bhfuil na cistí taiscthe i gcuntas bainc an iarratasóra |
| | | 2 | Polasaí árachais | (a) Cóip den pholasaí árachais suibscríofa ina gcuimsítear na heilimintí uile is gá chun Airteagal 11(6) agus (7) de Rialachán (AE) 2020/1503 a chomhlíonadh, i gcás ina mbeidh fáil air sin, nó<br>(b) Cóip den réamh-chomhaontú árachais ina gcuimsítear na heilimintí uile is gá chun Airteagal 11(6) agus (7) de Rialachán (AE) 2020/1503 a chomhlíonadh, arna síniú ag gnóthas atá údaraithe chun árachas a sholáthar i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta |
| 11 | Tuairisc ar an bplean leanúnachais gnó | neamhbhain-teach | Plean leanúnachais gnó | Tuairisc ar na bearta agus ar na nósanna imeachta chun a áirithiú, i gcás ina gclisfidh ar an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach, go leanfar de bheith ag soláthar seirbhísí criticiúla a bhaineann le hinfheistíochtaí atá ann cheana agus go ndéanfar comhaontuithe idir an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach agus a chliaint a riar go fónta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, forálacha maidir le seirbhísiú leanúnach a dhéanamh ar iasachtaí gan íoc, maidir le fógra a thabhairt do chliaint agus maidir le socruithe slánchoinneála sócmhainní a aistriú |
| 12 | Cruthúnas ar dhea-chlú scairshealbhóirí a shealbhaíonn go díreach nó go hindíreach 20 % nó níos mó den scairchaipiteal nó de na cearta vótála | Athdhéanfar foréimsí 1-10 agus a líonfar isteach iad i gcás gach ceann de na scairshealbhóirí a shealbhaíonn go díreach nó go hindíreach 20 % nó níos mó den scairchaipiteal nó de na cearta vótála | | |
| | | I gcás nach duine nádúrtha é an scairshealbhóir a shealbhaíonn 20 % nó níos mó den scairchaipiteal nó de na cearta vótála, líonfar isteach foréimsí 8 agus 9 le haghaidh an eintitis dhlítheanaigh agus athdhéanfar agus líonfar isteach iad le haghaidh gach comhalta den chomhlacht bainistíochta agus le haghaidh daoine eile a stiúrann an gnó go héifeachtach | | |
| | | 1 | Cairt struchtúir úinéireachta | Cairt struchtúir úinéireachta an iarratasóra ina léirítear bun aonair na scairshealbhóirí a shealbhaíonn 20 % nó níos mó den scairchaipiteal nó de na cearta vótála go díreach nó go hindíreach |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | 2 | Ainm | (a) An céadainm iomlán/na céadainmneacha iomlána agus an sloinne iomlán/na sloinnte iomlána i gcás daoine nádúrtha;<br>(b) Uimhir aitheantais náisiúnta (aitheantas nó pas) i gcás daoine nádúrtha;<br>(c) An t-ainm dlíthiúil agus an fhoirm dhlíthiúil, i gcás daoine dlítheanacha;<br>(d) Uimhir aitheantais/cláruimhir náisiúnta (i gcás ina bhfuil fáil uirthi) i gcás daoine dlítheanacha |
| | | 3 | Dáta breithe agus áit bhreithe (i gcás inarb infheidhme) | Dáta breithe agus áit bhreithe na scairshealbhóirí ar daoine nádúrtha iad |
| | | 4 | Sainchónaí nó seoladh cláraithe | (a) An sainchónaí, i gcás daoine nádúrtha<br>(b) An seoladh cláraithe, i gcás daoine dlítheanacha |
| | | 5 | Faisnéis bhreise i gcás daoine dlítheanacha | I gcás inar duine dlítheanach é an scairshealbhóir a shealbhaíonn 20 % nó níos mó den scairchaipiteal nó de na cearta vótála, liosta iomlán de chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus de dhaoine a stiúrann a ghnó go héifeachtach, a n-ainm, dáta breithe agus áit bhreithe, sainchónaí, a n-uimhir aitheantais náisiúnta, i gcás ina mbeidh sí ar fáil |
| | | 6 | Méid an tsealúchais | Méid an scairchaipitil nó na gceart vótála a shealbhaíonn an duine i luach absalóideach agus i dtéarmaí céatadáin.<br>I gcás scairshealbhóir indíreach, tagróidh an méid don sealbhóir idirmheánach |
| | | 7 | Faisnéis i gcás sealúchas indíreach | Ainm agus sonraí teagmhála an duine trína sealbhaítear an scairchaipiteal nó na cearta vótála |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | 8 | Cruthúnas ar dhea-chlú | (a) Deimhniú oifigiúil nó doiciméad coibhéiseach eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena gcruthaítear nach ann do thaifid choiriúla;<br>(b) Faisnéis faoi imscrúduithe agus/nó imeachtaí coiriúla, chomh maith le cásanna sibhialta agus riaracháin ábhartha, i leith sáruithe ar rialacha náisiúnta i réimsí an dlí tráchtála, an dlí dócmhainneachta, an dlí seirbhísí airgeadais, an dlí maidir le frithsciúradh airgid, an dlí calaoise nó oibleagáidí maidir le dliteanas gairmiúil, go háirithe trí dheimhniú oifigiúil (más rud é go bhfuil agus a mhéid atá sé ar fáil ón mBallstát nó ón tríú tír ábhartha) nó trí dhoiciméad coibhéiseach eile. I gcás go bhforchuirfí smachtbhannaí sibhialta nó riaracháin i leith ceann de na réimsí thuasluaite, cuirfear tuairisc mhionsonraithe ar fáil ina dtaobh. I gcás imscrúduithe nó imeachtaí leanúnacha, féadfar an fhaisnéis a sholáthar trí dhearbhú onóra;<br>(c) Faisnéis maidir le clárúchán, údarú, ballraíocht, nó ceadúnas chun gabháil do cheird, do ghnó nó do ghairm a dhiúltú; nó clárúchán, údarú, ballraíocht nó ceadúnas den sórt sin a aistarraingt, a chúlghairm nó a fhoirceannadh; nó díbirt ag comhlacht rialála nó rialtais nó ag comhlacht gairmiúil nó ag comhlachas gairmiúil. Soláthrófar faisnéis freisin maidir le haon nós imeachta leanúnach a bhaineann leis an méid roimhe seo;<br>(d) Faisnéis maidir le dífhostú as fostaíocht a bhaineann le poist agus tascanna a bhaineann le bainistiú cistí nó caidrimh mhuiníneacha chomhchosúla agus tuairisc ar na cúiseanna leis an dífhostú sin |
| | | 9 | Measúnú atá ann cheana (agus atá ar siúl faoi láthair) | Faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil measúnú ar dhea-chlú an scairshealbhóra déanta cheana féin (nó á dhéanamh) ag údarás inniúil eile nó ag aon údarás eile faoi reachtaíocht airgeadais eile, lena n-áirítear ainm an údaráis sin agus, i gcás inarb infheidhme, dáta agus toradh a mheasúnaithe |
| | | 10 | Faisnéis maidir le struchtúr an ghrúpa (i gcás inarb infheidhme) | Faisnéis maidir le cé acu fíor nó bréagach an méid seo a leanas i dtaca leis an iarratasóir:<br>(a) is fochuideachta é de chuid soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin atá údaraithe i mBallstát eile;<br>(b) is fochuideachta é de mháthairchuideachta soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin atá údaraithe i mBallstát eile;<br>(c) tá sé á rialú ag na daoine nádúrtha nó dlítheanacha céanna a rialaíonn soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin atá údaraithe i mBallstát eile |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| 13 | Céannacht na ndaoine nádúrtha atá freagrach as an iarratasóir a bhainistiú agus cruthúnas go bhfuil dea-chlú ar na daoine nádúrtha a bhfuil baint acu le bainistiú an iarratasóra agus go bhfuil eolas, scileanna agus taithí leordhóthanach acu chun an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach a bhainistiú agus go gcaitheann siad méid leordhóthanach ama ar chomhlíonadh a ndualgas | Athdhéanfar agus líonfar isteach foréimsí 1-12 le haghaidh gach duine nádúrtha atá ina chomhalta de chomhlachtaí bainistíochta nó maoirseachta an iarratasóra, agus le haghaidh gach duine nádúrtha a stiúrann an gnó go héifeachtach<br>Athdhéanfar agus líonfar isteach foréimsí 1-8 agus 10-11 le haghaidh gach duine nádúrtha atá freagrach as feidhmeanna rialaithe inmheánaigh (i gcás ina gceaptar é/iad) | | |
| | | 1 | Ainm iomlán | Céadainm iomlán/céadainmneacha iomlána agus sloinne iomlán/sloinnte iomlána an duine nádúrtha ábhartha |
| | | 2 | Uimhir aitheantais/uimhir an phas | |
| | | 3 | Dáta breithe agus áit bhreithe | |
| | | 4 | Sainchónaí | |
| | | 5 | Seoladh poist | Seoladh poist, murab ionann é agus an seoladh sainchónaithe |
| | | 6 | Uimhir theileafóin | |
| | | 7 | Seoladh ríomhphoist | |
| | | 8 | Post | Post laistigh de chomhlacht bainistíochta nó d'eagraíocht an iarratasóra ina gceaptar/ina gceapfar an duine nádúrtha |
| | | 9 | Cruthúnas ar dhea-chlú | (a) Deimhniú oifigiúil nó doiciméad coibhéiseach eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena gcruthaítear nach ann do thaifid choiriúla;<br>(b) Faisnéis faoi imscrúduithe nó imeachtaí coiriúla, chomh maith le cásanna sibhialta agus riaracháin ábhartha, i leith sáruithe ar rialacha náisiúnta i réimsí an dlí tráchtála, an dlí dócmhainneachta, an dlí seirbhísí airgeadais, an dlí maidir le frithsciúradh airgid, an dlí calaoise nó oibleagáidí maidir le dliteanas gairmiúil, go háirithe trí dheimhniú oifigiúil (más rud é go bhfuil agus a mhéid atá sé ar fáil ón mBallstát nó ón tríú tír ábhartha) nó trí dhoiciméad coibhéiseach eile. I gcás smachtbhannaí sibhialta nó riaracháin a bheith ann i leith na réimsí thuasluaite, cuirfear tuairisc mhionsonraithe ar fáil ina dtaobh. I gcás imscrúduithe nó imeachtaí leanúnacha, féadfar an fhaisnéis a sholáthar trí dhearbhú onóra; |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | | | (c) Faisnéis maidir le clárúchán, údarú, ballraíocht, nó ceadúnas chun gabháil do cheird, do ghnó nó do ghairm a dhiúltú; nó clárúchán, údarú, ballraíocht nó ceadúnas den sórt sin a aistarraingt, a chúlghairm nó a fhoirceannadh; nó díbirt ag comhlacht rialála nó rialtais nó ag comhlacht gairmiúil nó ag comhlachas gairmiúil. Soláthrófar faisnéis freisin maidir le haon nós imeachta leanúnach a bhaineann leis an méid roimhe seo;<br>(d) Faisnéis maidir le dífhostú as fostaíocht a bhaineann le poist agus tascanna a bhaineann le bainistiú cistí nó caidrimh mhuiníneacha chomhchosúla agus tuairisc ar na cúiseanna leis an dífhostú sin; |
| | | 10 | *Curriculum Vitae* | *Curriculum vitae* ina luaitear:<br>(a) oideachas ábhartha (lena n-áirítear ainm/ainmneacha agus cineál/cineálacha na hinstitiúide oideachais/na n-institiúidí oideachais, cineál, agus dáta an dioplóma/na ndioplómaí) agus oiliúint ghairmiúil (lena n-áirítear ábhar na hoiliúna, an cineál/na cineálacha institiúide/institiúidí oideachais agus an dáta faoinar cuireadh an oiliúint i gcrích);<br>(b) taithí ghairmiúil ábhartha (laistigh den earnáil airgeadais agus lasmuigh di), lena n-áirítear ainmneacha na n-eagraíochtaí uile ar oibrigh an duine leo, agus cineál agus fad na bhfeidhmeanna a comhlíonadh (dáta tosaithe agus dáta deiridh) agus an chúis leis an imeacht (feidhm nua laistigh den chuideachta/den ghrúpa, imeacht deonach, imeacht éigeantach nó dul in éag an tsainordaithe);<br>(c) maidir le poist a sealbhaíodh sna 10 bliana roimhe seo, agus tuairisc á tabhairt ar na gníomhaíochtaí sin, déanfar mionsonraí a áireamh maidir leis na cumhachtaí uile a sealbhaíodh agus réimsí na n-oibríochtaí faoi rialú.<br>Féadfar a áireamh sa *curriculum vitae* freisin mionsonraí (ainm, seoladh, uimhir theileafóin, ríomhphost) aon duine tagartha a bhféadfaidh an t-údarás inniúil dul i dteagmháil leis (níl an réimse seo éigeantach) |
| | | 11 | An t-am a chaithfear ar chomhlíonadh na ndualgas | Faisnéis faoin am íosta a chaithfear ar fheidhmeanna an duine a chomhlíonadh laistigh den soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach (tásca bliantúla agus míosúla), lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:<br>(a) an líon stiúrthóireachtaí i gcuideachtaí airgeadais agus neamhairgeadais atá i seilbh an duine sin an tráth céanna; |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | | | (b) na stiúrthóireachtaí in eagraíochtaí atá i seilbh an duine sin an tráth céanna, ar eagraíochtaí iad nach cuspóirí tráchtála is mó atá á saothrú acu;<br>(c) gníomhaíochtaí gairmiúla seachtracha eile, agus aon fheidhm ábhartha eile agus aon ghníomhaíocht ábhartha eile, laistigh agus lasmuigh den earnáil airgeadais |
| | | 12 | Measúnú atá ann cheana (nó atá ar siúl faoi láthair) ar chlú agus ar thaithí | An fhaisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil measúnú ar dhea-chlú agus ar eolas agus ar thaithí an duine nádúrtha déanta cheana féin (nó á dhéanamh) ag údarás inniúil eile nó ag aon údarás eile faoi reachtaíocht airgeadais eile, lena n-áirítear dáta an mheasúnaithe, céannacht an údaráis sin agus, i gcás inarb infheidhme, dáta agus toradh an mheasúnaithe sin |
| | | 13 | Féinmheasúnú ar an eolas, na scileanna agus an taithí chomhchoiteann | Mionsonraí faoi thoradh an mheasúnaithe ar an eolas, ar na scileanna agus ar an taithí leormhaith chomhchoiteann chun an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach a bhainistiú atá ag na daoine nádúrtha a bhfuil baint acu le bainistiú an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasaigh, ar measúnú é arna dhéanamh ag an iarratasóir féin |
| 14 | Tuairisc ar na rialacha inmheánacha chun cosc a chur ar na daoine dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/1503 páirt a ghlacadh, mar úinéirí tionscadail, i seirbhísí sluachistiúcháin a thairgeann an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ionchasach | neamhbhain-teach | Nósanna imeachta inmheánacha maidir le coinbhleachtaí leasa úinéirí tionscadail | Tuairisc ar na rialacha inmheánacha ábhartha arna nglacadh ag an iarratasóir |
| 15 | Tuairisc ar na socruithe seachfhoinsithe | neamhbhain-teach | Faisnéis maidir le socruithe seachfhoinsithe | Tuairisc ar na nithe seo a leanas:<br>(a) na feidhmeanna oibríochtúla atá sé beartaithe ag an iarratasóir a sheachfhoinsiú, lena n-áirítear seirbhísí néalríomhaireachta;<br>(b) na tríú páirtithe a ndéanfar na feidhmeanna oibríochtúla a sheachfhoinsiú dóibh (i gcás ina bhfuil fáil orthu), lena n-áirítear an áit a bhfuil siad lonnaithe agus achoimre ar na socruithe seachfhoinsithe i gcás ina bhfuil an tríú páirtí lonnaithe i dtríú tír (i gcás ina bhfuil fáil orthu); |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| | | | | (c) na socruithe inmheánacha agus na hacmhainní a leithdháiltear chun na feidhmeanna seachfhoinsithe a rialú;<br>(d) na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse atá i bhfeidhm leis na soláthraithe seirbhísí |
| 16 | Tuairisc ar na nósanna imeachta chun gearáin ó chliaint a láimhseáil | neamhbhain-teach | Faisnéis maidir le gearáin a láimhseáil | Tuairisc ar na nósanna imeachta a ghlac an t-iarratasóir chun gearáin ó chliaint a láimhseáil, lena n-áirítear an tréimhse ama ina dtabharfar fógra faoin gcinneadh maidir leis an ngearán do ghearánaigh ionchasacha, dá fhoráiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2117 ón gCoimisiún ([1]). |
| 17 | Deimhniú maidir le cé acu atá sé nó nach bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir seirbhísí íocaíochta a sholáthar é féin nó trí thríú páirtí, faoi Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), nó trí shocrú i gcomhréir le hAirteagal 10(5) den Rialachán (AE) 2020/1503 | neamhbhain-teach | Faisnéis maidir le seirbhísí íocaíochta | 1. Cuirfidh an t-iarratasóir in iúl don údarás inniúil cé hé a dhéanfaidh na seirbhísí íocaíochta a sholáthar agus cé na socruithe trína ndéanfar sin (cuir X sa bhosca, de réir mar is iomchuí):<br>☐ An t-iarratasóir é féin. Más amhlaidh atá, cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis ar fáil maidir leis an údarú ábhartha mar sholáthraí seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/2366<br>☐ Tríú páirtí údaraithe. Más amhlaidh atá, sonróidh an t-iarratasóir ainm an tríú páirtí, agus cuirfidh an t-iarratasóir isteach cóip den chomhaontú suibscríofa leis an tríú páirtí ina gcuimsítear na heilimintí uile is gá chun Rialachán (AE) 2020/1503 a chomhlíonadh, i gcás ina bhfuil fáil air, nó cóip den réamh-chomhaontú leis an tríú páirtí, ina gcuimsítear na heilimintí uile is gá chun Rialachán (AE) 2020/1503 a chomhlíonadh, arna síniú ag tríú páirtí atá údaraithe chun seirbhísí íocaíochta a sholáthar i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta<br>☐ Trí shocruithe i gcomhréir le hAirteagal 10(5) de Rialachán (AE) 2020/1503, lena n-áirithítear nach nglacfaidh úinéirí tionscadail le cistiú tionscadal sluachistiúcháin, ná le haon íocaíocht eile, ach amháin trí bhíthin soláthraí seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/2366. Más amhlaidh atá, soláthróidh an t-iarratasóir tuairisc ar na socruithe sin.<br>2. Áireoidh an t-iarratasóir tuairisc ar na nósanna imeachta agus ar na córais a bunaíodh trína seolfar na cistí ó na hinfheisteoirí chuig an úinéir tionscadail agus trína bhfaighidh na hinfheisteoirí luach saothair an chaipitil a infheistíodh |

| Réimse | | Foréimse | | Tuairisc |
|---|---|---|---|---|
| 18 | Nósanna imeachta chun iomláine, cruinneas agus soiléire na faisnéise atá sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí a fhíorú | neamhbhainteach | Nósanna imeachta maidir leis an mbileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí | Tuairisc ar na nósanna imeachta ábhartha arna nglacadh ag an iarratasóir |
| 19 | Nósanna imeachta i ndáil le teorainneacha infheistíochta d'infheisteoirí neamhshofaisticiúla dá dtagraítear in Airteagal 21(7) de Rialachán (AE) 2020/1503 | neamhbhainteach | Nósanna imeachta maidir le teorainneacha infheistíochta d'infheisteoirí neamhshofaisticiúla | 1. Soláthróidh an t-iarratasóir tuairisc ar na nósanna imeachta a glacadh chun:<br>a) an measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na seirbhísí sluachistiúcháin a thairgtear iomchuí agus ar cé na seirbhísí sluachistiúcháin a thairgtear atá iomchuí, lena n-áirítear mionsonraí faoin bhfaisnéis a iarradh ar infheisteoirí neamhshofaisticiúla faoina dtaithí, a gcuspóirí infheistíochta, a staid airgeadais agus an tuiscint bhunúsach atá acu ar rioscaí a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i gcoitinne agus le hinfheistíocht a dhéanamh sna cineálacha infheistíochtaí a thairgtear ar an ardán sluachistiúcháin, dá dtagraítear in Airteagal 21(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2020/1503<br>b) an t-ionsamhlú is gá a dhéanamh maidir le cumas infheisteoirí neamhshofaisticiúla ionchasacha caillteanas a sheasamh, dá dtagraítear in Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2020/1503<br>c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21(4) de Rialachán (AE) 2020/1503 a sholáthar<br>2. Soláthróidh an t-iarratasóir tuairisc ar na nósanna imeachta arna nglacadh ag an iarratasóir maidir le teorainneacha infheistíochta d'infheisteoirí neamhshofaisticiúla, lena n-áirítear an tuairisc ar ábhar an rabhaidh riosca shonraigh agus ar na socruithe chun an toiliú sainráite a fháil ón infheisteoir |

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2117 an 13 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais, na formáidí caighdeánacha agus na nósanna imeachta maidir le gearáin a laimhseáil (Féach leathanach 42 den Iris Oifigiúil seo).

([2]) IO L 337, 23.12.2015, lch. 35.